# Éamonn Bulfin (1892-1968)

Rugadh Éamonn Bulfin san Airgintín ach de bhunaidh na hÉireann a thuismitheoirí agus tógadh in Éirinn é. Bhí sé faoi anáil go mór ag an bPiarsach agus throid sé san Éirí Amach. Cé gur Phoblachtánach é níor throid sé sa Chogadh Cathartha.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Éamonn Bulfin (1892-1968)

Féach ar an bhfíseán ar Éamonn Bulfin agus abair an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh Éamonn Bulfin in Éirinn | | B |
| D'fhreastail sé ar Scoil Éanna i mBaile Átha Cliath | | |
| Bhí Gaeilge ar a thoil aige | | |
| D'imigh thart ar 4.5 milliún Éireannach ar imirce go Meiriceá idir na blianta 1820 agus 1930 | | |
| Is éard is ciall le diaspóra ná na daoine a fhanann ina dtír dhúchais feadh a saoil ar fad | | |
| Níor chabhraigh diaspóra na hÉireann leo siúd a bhí fós ina gcónaí in Éirinn ar chor ar bith | | |
| Tháinig an-chuid airgid go hÉirinn sa naoú haois déag ó dhaoine de shliocht na hÉireann ach a raibh cónaí anois orthu i Meiriceá Thuaidh | | |
| Chuir an diaspóra cultúr na hÉireann chun cinn go minic sa tír nua ina raibh said | | |
| Ghlac Bulfin páirt in Éirí Amach na Cásca 1916 ach níor ghlac sé aon pháirt sa chogadh cathartha | | |
| Phós Bulfin bean as contae Longfoirt | | |
| D'oibrigh sé mar bhailitheoir cánach in Éirinn agus fuair sé bás agus é sna seachtóidí | | |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Éamonn Bulfin (1892-1968)

Diaspóra na hÉireann: Éamonn Bulfin

Duine de dhiaspóra na hÉireann a bhí in Éamonn Bulfin. Éireannaigh ba ea a thuismitheoirí a bhog go dtí an Airgintín sa dara leath den naoú haois déag. D'fhág an-chuid daoine Éire sa dara leath den naoú haois déag, i rith agus tar éis an Ghorta Mhóir ach go háirithe, agus chuaigh siad go tíortha éagsúla ar fud an domhain. Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, Sasana, Albain agus an Astráil na tíortha a ndeachaigh an líon ba mhó Éireannach chucu. Meastar go ndeachaigh thart ar 50,000 Éireannach go dtí an Airgintín chomh maith sa naoú haois déag. As contaetha na hIarmhí, Longfoirt, Uíbh Fháilí agus Loch Garman cuid mhaith de na daoine seo.  Cruthaíodh pobal láidir Éireannach i mBuenos Aires, príomhchathair na hAirgintíne, agus caomhnaíodh gnéithe de chultúr na hÉireann i measc an phobail sin.



# Éamonn Bulfin (1892-1968)

Ba sa phobal sin a rugadh Éamonn Bulfin sa bhliain 1892 agus chaith sé blianta luatha a shaoil san Airgintín sular fhill a theaghlach ar Éirinn sa bhliain 1902. Chónaigh an teaghlach i mBiorra, i gcontae Uíbh Fháilí, agus cuireadh Éamonn go Scoil Éanna i mBaile Átha Cliath do chuid dá scolaíocht. Ba é Pádraig Mac Piarais a bhí mar phríomhoide na scoile agus bhí tionchar nach beag aige sin ar dhearcadh saoil Éamoinn. Ghlac Éamonn ballraíocht i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) agus é i Scoil Éanna.

Ghlac Éamonn páirt in Éirí Amach na Cásca 1916, go deimhin, bhí sé istigh in Ard-Oifig an Phoist leis an bPiarsach. Gabhadh é tar éis an Éirí Amach agus chaith sé cúpla mí i bpríosún i bhFrongoch na Breataine Bige i dteannta lear mór daoine eile a ghlac páirt san Éirí Amach sular scaoileadh saor é ag deireadh na bliana 1916. Sna blianta ina dhiaidh sin lean Bulfin air ag cabhrú le saoirse na hÉireann a bhaint amach. Cuireadh ar ais chun na hAirgintíne é chun cás na hÉireann a chur chun cinn sa tír sin. D'fhan sé san Airgintín ar feadh tamaill ghairid ach d'fhill sé ar Éirinn arís i mí Iúil 1922 agus an cogadh cathartha díreach tosaithe. Cé nár aontaigh sé leis an gConradh Angla-Éireannach dhiúltaigh sé aon pháirt a ghlacadh sa chogadh cathartha agus chaith sé an chuid eile dá shaol ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim in Uíbh Fháilí. Cailleadh Éamonn Bulfin ar Oíche Nollag 1968 i mBaile Átha Cliath.

# Éamonn Bulfin (1892-1968)

## Gluais

diaspóra na hÉireann = daoine a rugadh in Éirinn, agus sliocht na ndaoine sin, a d'fhág Éire le cur faoi i dtír eile.
an Gorta Mór = gorta a tharla in Éirinn idir na blianta 1845 - 52
scolaíocht = oideachas
dearcadh saoil = an chaoi a bhféachann duine ar rudaí
Bráithreachas Phoblacht na hÉireann = grúpa a bhí toilteanach foréigean a úsáid chun poblacht neamhspleách a bhaint amach in Éirinn
an cogadh cathartha = cogadh a troideadh in Éirinn idir na blianta 1922-23 mar gheall ar an gConradh Angla-Éireannach

## Ceisteanna

1. Cár rugadh Éamonn Bulfin?
2. Cad a thugtar ar na daoine sin a fhágann a dtír dhúchais le cónaí thar lear?
3. Cén bhliain ar fhill teaghlach Éamoinn ar Éirinn?
4. Cé a bhí ina phríomhoide ar Scoil Éanna le linn d'Éamonn a bheith ann?
5. Cén áit ar throid Éamonn le linn Éirí Amach na Cásca 1916?
6. Ar ghlac Éamonn Bulfin páirt sa Chogadh Cathartha in Éirinn?
7. Cén post a bhí ag Éamonn óna 1920idí ar aghaidh?
8. An bhfuil cur amach agat ar aon phearsa stáiriúil Éireannach eile a bhain leis an Diaspóra? Cad atá ar eolas agat futhú?
9. Aimsigh ar líne duine tábhachtach agus cáiliúil eile sa phobal Gael-Airgintíneach. Breac síos trí fhíric thábhachtacha faoin duine sin.
10. An dóigh leat go raibh saol suimiúil ag Éamonn Bulfin? Cén fáth?

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Éamonn Bulfin (1892-1968)

Meaitseáil: Anois, an féidir leat na téarmaí ar chlé a mheaitseáil leis an míniú ar deis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| Buenos Aires | An bhliain ar tharla Éirí Amach na Cásca |
| Uíbh Fháilí | an eagraíocht rialtais atá i bhfeighil bhailiú na cánach in Éirinn |
| 1916 | blianta an Chogaidh Chathartha in Éirinn |
| Ard-Oifig an Phoist | daoine nach gcónaíonn ina dtír dhúchais |
| na Coimisinéirí Ioncaim | an tír ba mhó a ghlac le hinimircigh as Éirinn sa naoú haois déag |
| iriseoir agus scríbhneoir | príomhchathair na hAirgintíne |
| an diaspora | scoil do bhuachaillí a bhunaigh Pádraig Mac Piarais sa bhliain 1908 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | ceann de na 32 contae ar oileán na hÉireann |
| 1922-23 | eagraíocht a bunaíodh in 1893 chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn |
| Conradh na Gaeilge | lárionad na troda i rith Éirí Amach na Cásca |
| Scoil Éanna | an dá phríomhpost a bhí ag athair Éamoinn |

# Éamonn Bulfin (1892-1968)

## Cúig fhíric thábhachtacha faoi dhiaspóra na hÉireann

1. An Gorta Mór: Ba é an Gorta Mór ba mhó ba chúis le himeacht na gcéadta míle Éireannach ar imirce. Meastar gur imigh thart ar 1 mhilliún Éireannach ar imirce i rith bhlianta an Ghorta Mhóir, 1845 – 52.
2. Tíortha ina labhraíodh Béarla: na cathracha móra i Meiriceá, Ceanada, Sasana, Albain agus an Astráil na háiteanna ba mhó ar imigh na hÉireannaigh ar imirce
3. Gníomhach thar sáile: D'éirigh go maith le han-chuid Éireannach a d'imigh ar imirce. Ba mhinic iad a bheith gníomhach agus rannpháirteach in eagraíochtaí agus i ngluaiseachtaí sna tíortha inar chuir siad fúthu.
4. Easpa deiseanna agus fostaíochta in Éirinn: D'imigh an t-uafás Éireannach ar imirce sa naoú haois déag de bharr easpa deiseanna agus easpa fostaíochta in Éirinn, go háirithe in Iarthar na hÉireann
5. Íocaíochtaí abhaile: Ba nós leis an diaspóra cuid dá n-ioncam a chur abhaile chuig a ngaolta. Murach na híocaíochtaí seo ba mhinic go mbeadh gaolta na ndaoine seo i mbaol báis leis an ocras.

